



# Tabhair an Fhiacail sin Slán!


Féadfar go mbainfí fiacail tosaigh asat i dtimpistí, le linn súgartha, agus tú ag imirt spóirt, i dtimpistí tráchta bóthair, i dtitim nó le linn troda.

Má Ghlacann tú Gníomh Láithreach, d'fhéadfadh an Fhiacail sin Teacht Slán:



## 1 Coinnigh Guaim ort féin!

Déan cinnte de gur fiacail den dara cíor atá i gceist; níor chóir na céadfhiacail a chur ar ais.




FIACAIL DEN DARA CÍOR  
CUIR AN AIS INA  
HÁIT FÉIN I

CÉADFHIACAIL  
NÁ CUIR AN AIS INA  
HÁIT FÉIN I  
TABHAIR AN LEANBH  
AG AN BHFIACLÓIR

*Glao ar an bhfiaclóir le hinsint dó nó dí go bhfuil tú ar do bhealach*


2 Aimsigh an fhiacail agus ploc suas í agus greim agat ar an gcoróin (an chuid bhán). Seachain lámh a leagan ar an bhfréamh toisc go bhféadfaí damáiste a dhéanamh don chlúdach scannáin a bhfuil gá leis chun an fhiacail a thabhairt slán.



3 Má tá an fhiacail salach, tabhair níochán beag (10 soicind) di i mbainne, i dtuaslagán sailíne nó in uisce fuar reatha.



4 Cuir an fhiacail ar ais ina háit féin trí úsáid a bhaint as na fiacail ar gach taobh den bhearna chun í a chur san áit cheart. Nuair a bheidh an fhiacail curtha ar ais, ba chóir don duine gortaithe greim fiacail a fháil ar chiarsúr chun an fhiacail a choinneáil ina háit féin go dtí go gcuirfidh an fiaclóir cléithíní léi.



*Lorg cóireáil éigeandála ó fhiaclóir láithreach*

5 Más rud é nach féidir an fhiacail a chur ar ais láithreach, féadfar í a iompar:

I mbéal an té atá gortaithe, idir na fiacail agus an taobh istigh den leiceann  
NÓ  
I mbainne nó i meán stórála speisialta d'fhiacail buailte, má tá fáil orthu.  
Seachain í a stóráil in uisce.



Ar fáil lena híoslódáil ó: [www.dentalhealth.ie](http://www.dentalhealth.ie)